Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Iúil 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0198(NLE)**

**10592/1/21**
**REV 1**

**JUSTCIV 111**
**JAI 850**
**TU 12**
**COAFR 191**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 371 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 371 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2021) 371 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.7.2021
COM(2021) 371 final/2

2021/0198 (NLE)

CORRIGENDUM
This documents replaces COM(2021) 371 final of 6.07.2021
Addition of the inter-institutional reference

The text shall read as follows:

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Maidir le Choinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí (dá ngairtear: 'Coinbhinsiún na Háige 1980'), a dhaingnigh 101 tír go dtí seo, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh, an *status quo* a thabhairt ar ais go pras trí leanaí a aistríodh nó a coinníodh go héagórach a thabhairt ar ais trí chóras comhair i measc na n-údarás lárnach a cheapfaidh a bPáirtithe Conarthacha.

I bhfianaise gur cuid riachtanach de bheartas an Aontais Eorpaigh é fuadach leanaí a chosc chun cearta an linbh a chur chun cinn, tá an tAontas Eorpach gníomhach ar an leibhéal idirnáisiúnta chun cur i bhfeidhm Choinbhinsiún na Háige 1980 a fheabhsú agus molann sé do thríú Stáit aontú leis.

An 10 Iúil 2017, thaisc an Túinéis an ionstraim maidir le haontachas le Coinbhinsiún na Háige 1980. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm sa Túinéis an 1 Deireadh Fómhair 2017.

Sonraítear in Airteagal 38(4) de Choinbhinsiún na Háige 1980 go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún idir an tír aontach agus na Stáit Chonarthacha sin a mbeidh sé dearbhaithe acu go nglacann siad leis an aontachas.

Ar thionscnamh an Choimisiúin, chuathas i gcomhairle le Cúirt Bhreithiúnas an Aontais Eorpaigh a dhearbhaigh gurb ann d'inniúlacht eisiach an Aontais maidir le glacadh le haontachas tríú Stát le Coinbhinsiún na Háige 1980.

An 14 Deireadh Fómhair 2014, luadh i dTuairim 1/13 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go gcuimsítear le hinniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh glacadh le haontachas tríú stát le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí.

D'áitigh an Chomhairle go raibh gá le haonfhoirmeacht ar an ábhar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun go seachnófar *géométrie variable* i measc na mBallstát.

I bhfianaise go dtagann an tsaincheist maidir le fuadach idirnáisiúnta leanaí faoi inniúlacht eisiach sheachtrach an Aontais Eorpaigh, ní mór an cinneadh cibé acu a ghlacfar nó nach nglacfar le haontachas na Túinéise a dhéanamh ar leibhéal an Aontais trí bhíthin cinneadh ón gComhairle. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh an dearbhú glactha maidir le haontachas na Túinéise a thaisceadh ar mhaithe leis an Aontas Eorpach.

I gcás go nglacfaidh Bhallstáit an Aontais Eorpaigh leis an aontachas bheadh Coinbhinsiún na Háige 1980 infheidhme idir an Túinéis agus Ballstáit an Aontais seachas an Danmhairg.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Maidir le fuadach leanaí arna dhéanamh ag tuismitheoir, is é atá i gCoinbhinsiún na Háige 1980 contrapháirt idirnáisiúnta Rialachán Uimh. 2201/2003 ón gComhairle (ar a dtugtar Rialachán IIa na Bruiséile) arb é is bunchloch do chomhar breithiúnach an Aontais Eorpaigh é in ábhair maidir le pósadh agus in ábhair a bhaineann le freagracht tuismitheora.

Ar cheann de phríomhchuspóirí an Rialacháin tá fuadach leanaí a dhíspreagadh idir na Ballstáit trí nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go dtugtar an leanbh ar ais go pras go dtí an Ballstát ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi. Chuige sin, in Airteagal 11 de Rialachán IIa na Bruiséile, ionchorpraítear an nós imeachta a leagtar síos i gCoinbhinsiún na Háige 1980 agus comhlánaítear é trí roinnt de na gnéithe atá ann a shoiléiriú, go háirithe gnéithe a bhaineann le héisteacht an linbh, leis an tréimhse ama chun cinneadh a dhéanamh tar éis iarratas ar an leanbh a thabhairt ar ais a bheith taiscthe agus leis an bhforas gan an leanbh a thabhairt ar ais. Tugtar isteach leis freisin forálacha lena rialaítear orduithe atá ar neamhréir le chéile chun an leanbh a thabhairt ar ais nó gan é a thabhairt ar ais, orduithe arna n-eisiúint i mBallstáit éagsúla.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tacaíonn an tAontas Eorpach le haontachas tríú Stáit le Coinbhinsiún na Háige 1980 ionas go mbeidh a Bhallstáit in ann brath ar chreat coiteann dlíthiúil chun dul i ngleic le fuadaigh idirnáisiúnta leanaí.

Tá 18 gCinneadh ón gComhairle glactha cheana idir Meitheamh 2015 agus Feabhra 2019 chun glacadh le haontachas 26 thríú tír le Coinbhinsiún na Háige 1980 maidir le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí (Maracó, Singeapór, Cónaidhm na Rúise, an Albáin, Andóra, na Séiséil, an Airméin, Poblacht na Cóiré, an Chasacstáin, Peiriú, an tSeoirsia, an Afraic Theas, an tSile, an Íoslainn, na Bahámaí, Panama, Uragua, an Cholóim, an tSalvadóir agus San Mairíne, an Phoblacht Dhoiminiceach, an Bhealarúis, an Úisbéiceastáin, Hondúras, Eacuadór agus an Úcráin)[1].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is léir go bhfuil nasc idir an togra seo agus an cuspóir ginearálta a chumhdaítear in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach chun cearta an linbh a chosaint. Ceapadh córas Choinbhinsiún na Háige 1980 chun an leanbh a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le fuadach arna dhéanamh ag tuismitheoir agus chun a áirithiú go mbeidh an leanbh in ann teagmháil a choinneáil leis an mbeirt tuismitheoirí, cur i gcás trí fheidhmiú éifeachtach na gceart rochtana a áirithiú.

Is fiú a lua freisin an nasc le húsáid na hidirghabhála a chur chun cinn i dtaca le díospóidí teaghlaigh trasteorann a réiteach. Maidir leis an Treoir i ndáil le gnéithe áirithe den

[1] Tá 18 gCinneadh ón gComhairle glactha cheana, lena n-údaraítear do na Ballstáit glacadh le haontachas na dtíortha seo a leanas le Coinbhinsiún na Háige 1980: **Andóra** (Cinneadh 2015/1023 ón gComhairle arna ghlacadh an 15 Meitheamh 2015); **Na Séiséil** (Cinneadh 2015/2354 ón gComhairle arna ghlacadh an 10 Nollaig 2015); **An Rúis** (Cinneadh 2015/2355 ón gComhairle arna ghlacadh an 10 Nollaig 2015); **An Albáin** (Cinneadh 2015/2356 ón gComhairle arna ghlacadh an 10 Nollaig 2015); **Singeapór** (Cinneadh 2015/1024 ón gComhairle arna ghlacadh an 15 Meitheamh 2015); **Maracó** (Cinneadh 2015/2357 ón gComhairle arna ghlacadh an 10 Nollaig 2015); **An Airméin** (Cinneadh 2015/2358 ón gComhairle arna ghlacadh an 10 Nollaig 2015); **Poblacht an Cóiré (**Cinneadh 2016/2313 ón gComhairle arna ghlacadh an 8 Nollaig 2016**), an Chasacstáin (**Cinneadh 2016/2311 ón gComhairle arna ghlacadh an 8 Nollaig 2016**), Peiriú (**Cinneadh 2016/2312 ón gComhairle arna ghlacadh an 8 Nollaig 2016**); An tSeoirsia** agus **An Afraic Theas** (Cinneadh (AE) 2017/2462 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017**); An tSile, an Íoslainn** agus **na Bahámaí** (Cinneadh (AE) 2017/2424 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017); **Panama, Uragua, an Cholóim** agus **an tSalvadóir** (Cinneadh (AE) 2017/2464 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017); **San Mairíne (**Cinneadh (AE) 2017/2463 ón gComhairle an 18 Nollaig 2017); **An Phoblacht Dhoiminiceach** (Cinneadh (AE) 2019/305 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019); **Eacuadór** agus **an Úcráin** (Cinneadh (AE) 2019/306 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019); **Hondúras** (Cinneadh (AE) 2019/307 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019); **An Bhealarúis** agus **an Úisbéiceastáin** (Cinneadh (AE) 2019/308 ón gComhairle an 18 Feabhra 2019).

idirghabháil in ábhair shibhialta agus ábhair thráchtála[2] tá feidhm aici freisin maidir leis an dlí teaghlaigh laistigh den chomhlimistéar breithiúnach Eorpach. Le Coinbhinsiún na Háige 1980 moltar díospóidí teaghlaigh a réiteach go cairdiúil freisin. Ar na Treoirleabhair maidir le Dea-Chleachtas faoi Choinbhinsiún na Háige 1980 a d'fhoilsigh Comhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach, tá treoirleabhar amháin dírithe ar leas a bhaint as an idirghabháil chun díospóidí teaghlaigh idirnáisiúnta a bhaineann le leanaí a réiteach, ar díospóidí iad a thagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin. Ar thionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh, aistríodh an Treoirleabhar seo go teangacha uile an Aontais seachas an Béarla agus an Fhraincis, agus go hAraibis freisin chun tacú leis an idirphlé leis na Stáit nár dhaingnigh an Coinbhinsiún nó nár aontaigh leis an gCoinbhinsiún go fóill agus chun bealaí nithiúla a aimsiú chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le fuadaigh idirnáisiúnta leanaí[3].

Chuir tAontas Eorpach comhar chun cinn ar an leibhéal réigiúnach freisin, go háirithe i réimse an dlí teaghlaigh, trí roinnt gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoi Thionscadal Ceartais EuroMed. Le comhpháirt an Tionscadail ar a dtugtar 'coinbhleachtaí teaghlaigh trasteorann a réiteach', tugadh aird ar leith ar phóstaí measctha agus díríodh ar choinbhleachtaí a bhaineann le coimeád agus le cearta cuairte a réiteach tríd an idirghabháil agus trí na cearta rochtana a éascú (trí choimisiúin idir-réitigh agus lárionaid teagmhála, mar shampla). Mar aon le tíortha eile na Meánmhara, bhain an Túinéis tairbhe as na heagráin éagsúla den Tionscadal.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Foráiltear le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún na Háige 1980 'nach mbeidh éifeacht ag aontachas [na Stát aontach] ach amháin a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idir an Stát aontach agus na Stáit Chonarthacha sin a mbeidh sé dearbhaithe acu go nglacfaidh siad leis an aontachas'. Ós rud é go mbaineann an cinneadh le glacadh sainráite na mBallstát le haontachas Stáit aontaigh le Coinbhinsiún na Háige 1980, ar mhaithe leis an Aontas, is é Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an bunús dlí is infheidhme. Is é Airteagal 81(3) CFAE an bunús dlí substainteach, dá bhrí sin gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

- **Comhréireacht**

Dréachtaítear an togra seo de réir na gCinntí ón gComhairle a glacadh cheana maidir leis an ábhar céanna agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir atá aige a bhaint amach, is é sin gníomhaíocht chomhleanúnach de chuid an Aontais Eorpaigh a bhaineann le

[2] Treoir 2008/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le gnéithe áirithe den idirghabháil in ábhair shibhialta agus ábhair thráchtála (IO L 136, 24 Bealtaine 2008, lch. 3);

[3] https://www.hcch.net/en/publications-and-studies/details4/?pid=5568&dtid=3

fuadach idirnáisiúnta leanaí trína áirithiú go nglacfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 laistigh de thréimhse ama áirithe.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Ballstáit an Aontais Eorpaigh maidir lena dtoilteanas glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 agus thug tromlach mór de na Ballstáit tuairim fhabhrach ina leith sin.

Léiríodh sa phlé a rinneadh ag cruinniú na Saineolaithe an 2 Iúil 2019 nach raibh aon agóid ó na Ballstáit, ach in aon chás amháin, i gcoinne aontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 a ghlacadh.

Creideann an Coimisiún go mbeidh an aontoilíocht is gá chun an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar thoradh ar thuilleadh plé ar an leibhéal teicniúil i Meitheal na Comhairle um Ábhair Dlí Shibhialta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Mar ullmhúchán le haghaidh chruinniú na Saineolaithe an 2 Iúil 2019 agus le linn na hoibre leantaí, bhí an Coimisiún i ndlúth-theagmháil le Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta, le Toscaireacht an Aontais Eorpaigh sa Túinéis agus leis an Abhcóide Ginearálta san Aireacht Cheartais, a bhí freagrach as comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus a ceapadh mar dhuine teagmhála san Údarás Lárnach.

- **Measúnú tionchair**

I ndáil leis na 18 gCinneadh ón gComhairle a glacadh cheana idir 2015 agus 2019 maidir le glacadh le haontachas roinnt tríú Stát le Coinbhinsiún na Háige 1980, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair sonrach i bhfianaise chineál an ghnímh reachtaigh seo. Scrúdaíodh leibhéal cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ag an Túinéis, áfach, ag cruinniú na Saineolaithe an 2 Iúil 2019 ag a raibh ionadaíocht ag Ballstáit uile an Aontais**.** Mar obair leantach ar an gcruinniú, lean an Coimisiún forbairtí breise sa Túinéis go grinn.

I dtús báire, chuir Údaráis na Túinéise in iúl nach raibh géarghá le reachtaíocht cur chun feidhme chun Coinbhinsiún na Háige 1980 a chur i bhfeidhm, ós rud é go mbíonn coinbhinsiúin idirnáisiúnta infheidhme go díreach i gcóras breithiúnach na Túinéise. Leis na gníomhartha agus na seimineáir oiliúna éagsúla a rinneadh, áfach, agus i gcomhthéacs Thionscadal Ceartais EuroMed agus IRZ (Deutsche Stiftung für Internationale Rechtliche Zusammenarbeit – Fondúireacht na Gearmáine um Chomhar Dlíthiúil Idirnáisiúnta), léiríodh nach leor an reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, i dtuairim na n-oifigeach agus na mbreithiúna, chun riachtanais Choinbhinsiún na Háige a chomhlíonadh**.**

Thar aon ní eile, maidir leis an nós imeachta maidir le leanbh a thabhairt ar ais go dtí an áit ina bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi tar éis fuadach arna dhéanamh ag tuismitheoir, ní mór an nós imeachta sin a chur isteach go soiléir i gcóras dlí na Túinéise. Chun na críche sin, bunaíodh coimisiún in Aireacht Cheartais na Túinéise a bhfuil sé de chúram air an dlí forfheidhmithe a bheidh le cur faoi bhráid an Rialtais a ullmhú. Ina dhiaidh sin, ba cheart don Pharlaimint an dlí a ghlacadh.

Tacóidh UNICEF (Bureau Soutien Système Justice des Enfants) leis an Aonad nua « Justice pour les enfants » san Aireacht Cheartais, aonad a bhfuil sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar an reachtaíocht agus beartais a mholadh i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta an linbh agus maidir le hoiliúint a chur ar chleachtóirí dlí. Eagróidh an *Biúró Soutien Système Justice des Enfants*, in éineacht le *l' Ecole Nationale de la Magistrature* sainoiliúint a bheidh dírithe ar na breithiúna a mbeidh orthu an Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm.

Fiú más léir go bhfuil reachtaíocht iomchuí cur chun feidhme fós le cur i bhfeidhm ag an Túinéis, tá taithí dhearfach ag roinnt Ballstát (an Fhrainc mar shampla) a mhéid is atá creat dlíthiúil i bhfeidhm. Go deimhin, measann údaráis na Túinéise go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeifí ag brath ar chaidrimh Conartha le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, agus rinne na húdaráis tagairt do chomhaontuithe déthaobhacha a bhí ann roimhe sin (coimisiúin mheasctha mar a thugtar orthu) atá i bhfeidhm leis an bhFrainc, leis an mBeilg, leis an tSualainn agus leis an Iorua. Creat coiteann dlíthiúil le Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh, arna ionadú ag Coinbhinsiún na Háige 1980, chabhródh sé le láimhseáil agus réiteach cásanna trasteorann, fiú go dtí go nglacfaí reachtaíocht cur chun feidhme.

Chuir an Túinéis in iúl freisin gur mian léi go ndéanfaí gníomhaíochtaí oiliúna breise i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, trí mheán na Fraincise, más féidir. Reáchtáil Údarás Lárnach na Fraince seimineár den sórt sin cheana féin i mí na Samhna 2018.

Ghlac 11 Pháirtí Chonarthacha le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980, lena n-áirítear an Eilvéis.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an gcinneadh atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ós rud é nach mbaineann an togra ach leis an údarás a tugadh do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980, tá an faireachán maidir lena chur chun feidhme teoranta d'urramú na mBallstát i leith fhoclaíocht an dearbhaithe, don tréimhse ama chun an dearbhú a thaisceadh agus do thaisce an dearbhaithe a chur in iúl don Choimisiún, mar a bunaítear leis an gCinneadh ón gComhairle.

2021/0198 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(3) i gcomhar le hAirteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[4],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé socraithe ag an Aontas Eorpach gur ceann dá chuspóirí é cearta an linbh a chur chun cinn, mar a luaitear in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is cuid riachtanach den bheartas sin iad bearta chun leanaí a chosaint ar aistriú éagórach nó ar choinneáil éagórach.

(2) Ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003[5] ('Rialachán IIa na Bruiséile'), a bhfuil sé d'aidhm aige leanaí a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha de dheasca aistrithe éagóracha nó coinneáil éagórach agus nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú go dtugtar leanaí ar ais go pras go dtí an Stát ina bhfuil gnáthchónaí orthu, agus chun cosaint na gceart rochtana agus na gceart coimeádta a áirithiú chomh maith.

(3) Le Rialachán IIa na Bruiséile, comhlánaítear agus treisítear Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí ('Coinbhinsiún na Háige 1980') lena mbunaítear, ar an leibhéal idirnáisiúnta, córas oibleagáidí agus comhair idir Stáit Chonarthacha agus idir údaráis lárnacha agus arb é is aidhm dó a áirithiú go ndéanfar leanaí a aistríodh nó a coinníodh go héagórach a thabhairt ar ais go pras.

(4) Is páirtithe iad Ballstáit uile an Aontais i gCoinbhinsiún na Háige 1980.

(5) Molann an tAontas do thríú Stáit aontú le Coinbhinsiún na Háige 1980 agus tacaíonn sé le cur chun feidhme ceart Choinbhinsiún na Háige 1980 trí pháirt a ghlacadh, in éineacht leis na Ballstáit, *inter alia*, sna Coimisiúin Speisialta arna n-eagrú ar bhonn rialta ag Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta.

(6) D'fhéadfadh sé gur chreat coiteann dlíthiúil infheidhme idir Ballstáit an Aontais agus tríú stáit é an réiteach is fearr ar chásanna íogaire a bhaineann le fuadach idirnáisiúnta leanaí.

---

[4] IO C , , lch. .

[5] Rialachán (CE) Uimh. 2201/2003 ón gComhairle an 27 Samhain 2003 maidir le dlínse agus le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair maidir le pósadh agus ábhair maidir le freagracht tuismitheora, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1347/2000 (IO L 338, 23.12.2003, lch. 1).

(7) Sonraítear i gCoinbhinsiún na Háige 1980 go mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún idir an Stát aontach agus na Stáit Chonarthacha sin a mbeidh sé dearbhaithe acu go nglacann siad leis an aontachas.

(8) Le Coinbhinsiún na Háige 1980 ní cheadaítear d'eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíoch, amhail an tAontas, a bheith ina bpáirtithe ann. Dá bhrí sin, ní féidir leis an Aontas aontú leis an gCoinbhinsiún sin, ná ní fhéadfaidh sé dearbhú glactha a thaisceadh i ndáil le Stát aontach ach oiread.

(9) De réir Thuairim 1/13 ó Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais a thagann dearbhuithe glactha faoi Choinbhinsiún na Háige 1980.

(10) An 10 Iúil 2017 thaisc an Túinéis a hionstraim aontachais le Coinbhinsiún na Háige 1980. Tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm sa Túinéis an 1 Deireadh Fómhair 2017.

(11) Ba é ba chonclúid do mheasúnú ar an staid sa Túinéis go bhfuil na Ballstáit in ann, ar mhaithe leis an Aontas, glacadh le haontachas na Túinéise faoi théarmaí Choinbhinsiún na Háige 1980.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, na Ballstáit a údarú a ndearbhú glactha le haontachas na Túinéise a thaisceadh, ar mhaithe leis an Aontas i gcomhréir leis na téarmaí a leagtar amach sa Chinneadh seo.

(13) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán IIa na Bruiséile agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo do na Ballstáit glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí ('Coinbhinsiún na Háige 1980') ar mhaithe leis an Aontas.

Déanfaidh na Ballstáit, tráth nach déanaí ná ... [12 mhí tar éis dháta glactha an Chinnidh seo], dearbhú glactha a thaisceadh maidir le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar mhaithe leis an Aontas, agus an fhoclaíocht seo a leanas ann:

'Dearbhaíonn [ainm iomlán AN BHALLSTÁIT] go nglacann sí le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/... ón gComhairle

Cuirfidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh in iúl don Chomhairle agus don Choimisiún maidir lena ndearbhú glactha i ndáil le haontachas na Túinéise a thaisceadh agus cuirfidh na Ballstáit téacs an dearbhaithe sin in iúl don Choimisiún laistigh de dhá mhí tar éis é a thaisceadh.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*